Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**9162/21**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2020/0264(COD)**
**2013/0186(COD)**

**AVIATION 134**
**CODEC 772**
**IA 101**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 8419/21 + ADD1 + COR1, ADD2-3 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 10840/20 + ADD 1, ST 10841/20 + COR 1, ST 11020/20 |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (athmhúnlú)<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le cumas Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh gníomhú mar Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair<br>– Cur chuige ginearálta |

## 1. RÉAMHRÁ

1. An 22 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair[1], trí úsáid a bhaint as an modh athmhúnlaithe (dá nagairfear 'an togra athmhúnlaithe leasaithe' anseo feasta) mar aon le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le cumas Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh gníomhú mar Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair[2] (dá ngairfear 'togra EASA' anseo feasta).

---

[1] 10840/21 + ADD 1
[2] 10841/21 + COR 1

2. Tá sé mar aidhm ag tionscnamh an Aerspáis Eorpaigh Aonair an éifeachtúlacht fhoriomlán a fheabhsú i ndáil leis an gcaoi a ndéantar aerspás Eorpach a eagrú agus a bhainistiú, trí athchóiriú a dhéanamh ar an tionscal a chuireann seirbhísí aerloingseoireachta ar fáil. Is iad na príomhchúiseanna atá le cur i láthair an athbhreithniúcháin ag an gCoimisiúin an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair a nuashonrú, i bhfianaise na taithí a fuarthas, agus í a athmhúnlú.

3. Ghlac an Coimisiún togra athmhúnlaithe tosaigh le haghaidh cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair in 2013[3]. Cé nach bhfuil aon athrú ar na cuspóirí agus na prionsabail bhunaidh, dírítear go sonrach sa togra athmhúnlaithe leasaithe ar dhlús a chur le hoiriúnú na seirbhísí aerloingseoireachta i bhfianaise na bprionsabal agus na gcuspóirí sin.

4. Gné amháin de na leasuithe molta sa chomhthéacs sin feidhm bhuan a bhunú i ndáil le Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta (CAF), a fheidhmeoidh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA). Ceanglaíodh leis na socruithe is gá roinnt leasuithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2018/1139.

## 2. <u>AN OBAIR SNA HINSTITIÚIDÍ EILE</u>

5. Le linn a 7ú téarma parlaimintigh, d'ainmnigh <u>Parlaimint na hEorpa</u> an <u>Coiste um Iompar agus um Turasóireacht</u> (TRAN) mar an gcoiste atá freagrach as an togra athmhúnlaithe maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus cheap sí Marian-Jean Marinescu (EPP, RO) mar rapóirtéir. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh i dtaca leis an togra sin. I ndiaidh an togra athmhúnlaithe leasaithe a thíolaic an Coimisiún, tá an togra á phlé ag Parlaimint na hEorpa in TRAN arís agus í ag ullmhú don chaibidlíocht leis an gComhairle. Daingníodh gurb é Marian-Jean Marinescu rapóirtéir an chomhaid arís le linn an 9ú téarma parlaiminteach. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh a nuashonrú an 17 Meitheamh 2021.

6. Ar an taobh eile, ceapadh Bogusław Liberadzki (SD, PL) mar rapóirtéir don togra EASA le linn 9ú téarma Pharlaimint na hEorpa. Tá an togra sin á phlé ag <u>Parlaimint na hEorpa</u> in TRAN agus táthar ag súil leis go nglacfaidh sí a seasamh ar an gcéad léamh sna míonna atá romhainn.

---

[3] 11501/2013

7. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh maidir leis an dá chomhad an 2 Nollaig 2020, agus chinn Coiste Eorpach na Réigiún gan tuairim a thabhairt.

8. Ghlac Parlaimint na Spáinne, Parlaimint Mhálta agus Seanad Phoblacht na hIodáile tuairimí maidir le cur i bhfeidhm phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a mhéid a bhaineann leis an togra athmhúnlaithe leasaithe.

9. Chuir Seanad Phoblacht na hIodáile agus Parlaimint na Spáinne tuairim síos maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal na coimhdeachta a mhéid a bhaineann le togra EASA.

## 3. AN OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

10. Chuir an Mheitheal um Eitlíocht, trí fhíschomhdhálacha neamhfhoirmiúla a comhaltaí, tús lena cuid oibre ar an dá thogra i mí Dheireadh Fómhair 2020 le cur i láthair ginearálta na dtograí. Tá na comhaid sin seasta ar an gclár oibre ó shin i leith agus 23 huaire san iomlán.

11. Thionóil comhaltaí na Comhairle (ITF, Iompar), ag a físchomhdháil an 8 Nollaig 2020, luathdíospóireacht bheartais chun léiriú a thabhairt ar an bplé a bheidh ar siúl sna comhlachtaí ullmhúcháin ina dhiaidh sin[4].

12. Níl measúnú tionchair ag gabháil leis na tograí. Is é tuairim an Choimisiúin go raibh an measúnú tionchair a rinneadh in 2013 don togra athmhúnlaithe tosaigh bailí fós agus tá Doiciméad Inmheánach Oibre curtha leis[5]. Tá imní curtha in iúl ag na toscaireachtaí maidir leis an easpa údair agus anailíse costais/sochair i ndáil le roinnt beart nua a mhol an Coimisiún, go háirithe bunú an Chomhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta (PRB), ráta coiteann aonaid le haghaidh muirear agus modhnú éigeantach muirear ar leibhéal an Aontais.

[4] 12611/20

[5] 11020/20

13. Maidir leis an togra athmhúnlaithe leasaithe, tacaíonn comhaltaí na Meithle um Eitlíocht go hiomlán le cuspóirí foriomlána an Aerspáis Eorpaigh Aonair. Mar sin féin, cheistigh na toscaireachtaí comhréireacht agus éifeachtacht cuid de na leasuithe atá beartaithe agus a mhéid a chomhlíonann siad cearta agus freagrachtaí ceannasacha na mBallstát ar a n-aerspás. Thug comhaltaí na Meithle um Eitlíocht aghaidh ar roinnt saincheisteanna a mhéid a bhaineann leis an togra ón gCoimisiún agus tá na réitigh mhalartacha seo a leanas forbartha acu:

- Ceanglaítear ar údaráis mhaoirseachta náisiúnta a bheith neamhspleách ar sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta agus an tsolúbthacht a fhágáil ag na Ballstáit chun feidhmeanna maoirseachta eacnamaíche agus maoirseachta sábháilteachta a eagrú san eintiteas riaracháin céanna.

- Tá soláthar seirbhísí aerloingseoireachta laistigh den Aontas ag brath ar dheimhniú uathúil a bheith acu, lena n-áirítear ceanglais maidir le dliteanas airgeadais agus árachas a cuireadh san áireamh i ndréacht-Rialachán EASA.

- Féadfaidh soláthraithe seirbhísí aerthráchta, faoi dhálaí margaidh, seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar, amhail seirbhísí cumarsáide, loingseoireachta agus faireachais, seirbhísí faisnéise eitilte aerloingseoireachta, seirbhísí meitéareolaíocha eitilte chomh maith le seirbhísí sonraí BAT, agus féadfaidh aerfoirt seirbhísí aerthráchta críochfoirt a sholáthar, faoi dhálaí margaidh.

- Tá na Ballstáit fós i gceannas ar an bpróiseas pleanála feidhmíochta ach is é an Coimisiún a fhíoraíonn comhsheasmhacht na bpleananna feidhmíochta le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais.

- Bunaítear muirir i gcomhréir le prionsabail EUROCONTROL agus, chun tionchair ar bhuiséid náisiúnta a sheachaint, tá costais na maoirseachta fós incháilithe faoin scéim muirearaithe. Socraíonn na Ballstáit na rátaí aonaid tar éis don Choimisiún iad a fhíorú.

- Níor léiríodh an tairbhe chomhshaoil a bhaineann le modhnú éigeantach muirear ar leibhéal Eorpach agus ardaíonn sé roinnt saincheisteanna bunúsacha dlíthiúla, eacnamaíocha agus teicniúla, go háirithe maidir le hathdháileadh na n-ioncam laistigh den Aontas agus maidir leis an tionchar ar an iomaíochas i leith soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta tríú tíortha. Cé gur féidir leis na Ballstáit muirir a mhodhnú, tá gá le staidéar féidearthachta chun modhnú den sórt sin a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais.

14. Maidir le togra EASA, chuir formhór mór na dtoscaireachtaí in iúl go soiléir ón tús gurbh fhearr leo go gcoimeádfadh an Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta (PRB) ról comhairleach ach nach mbeadh sé laistigh de struchtúir EASA. Mar thoradh air sin, rinneadh athruithe suntasacha ar an togra sin. Thairis sin, tá an Uachtaránacht tar éis sraith de cheanglais eacnamaíocha a áirítear i ndréacht-Bhunrialachán leasaithe EASA a dhéanamh den deimhniú eacnamaíoch a mholtar ag an gCoimisiún sa togra athmhúnlaithe leasaithe.

15. An 5 Bealtaine 2021, chuir Coiste na mBuanionadaithe tuilleadh treorach ar fáil maidir le ceithre shaincheist atá fós gan réiteach maidir le seirbhísí áirithe aerloingseoireachta a léirscaoileadh agus maidir le ról an Chomhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta (PRB)[6]:

- Tá soláthar seirbhísí áirithe aerloingseoireachta agus seirbhísí aerthráchta críochfoirt, faoi choinníollacha an mhargaidh, faoi réir údarú na mBallstát i gcónaí.

- Soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta a théann in iomaíocht le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta nó seirbhísí aerthráchta críochfoirt a sholáthar, nó a bhíonn ag soláthar na seirbhísí sin, faoi choinníollacha an mhargaidh, ní gá dóibh na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na seirbhísí sin a thabhairt ar iontaoibh d'eintiteas gnó a oibríonn go neamhspleách. Mar sin féin, ní mór dóibh deighilt agus trédhearcacht na gcuntas a áirithiú.

- Na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta nó seirbhísí aerthráchta críochfoirt, ceanglaítear orthu a bpríomhionad gnó a bheith lonnaithe i gcríoch Ballstáit agus ní mór sciar 50 % díobh sin a bheith faoi úinéireacht na mBallstát agus a bheidh á rialú go héifeachtach ag na Ballstáit nó ag náisiúnaigh na mBallstát. Mar sin féin, tacaíodh le maolú do sholáthraithe deimhnithe seirbhísí satailíte domhanda atá ag oibriú cheana féin san Aontas.

- Coinníonn an Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta an ról comhairleach atá aige agus ní thógann sé ról rialála air féin mar a mholtar sa togra athmhúnlaithe leasaithe. Thairis sin, níor chuir na Ballstáit iad féin in iúl go cinntitheach maidir leis an eintiteas inar cheart é a bhunú nó ar cheart é a chur ar bun go neamhspleách.

16. Tar éis na díospóireachta sin, d'fhill an Uachtaránacht ar an gcomhlacht ullmhúcháin le haghaidh dhá phlé eile maidir leis na hábhair dheireanacha a bhí fágtha.

---

6 8030/21 + ADD 1 agus ADD 2

17. An 26 Bealtaine 2021, chuir an Uachtaránacht téacs comhréitigh faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe lenar réitíodh na saincheisteanna deireanacha a bhí fós gan réiteach:

- Maidir le soláthraithe seirbhísí aerthráchta a ainmniú, an fhéidearthacht atá ag na Ballstáit coinníollacha a fhorchur maidir le húinéireacht agus rialú ag a náisiúnaigh féin agus maidir le bunú agus úsáid saoráidí ar a gcríoch féin, tá an fhéidearthacht sin teoranta do chásanna nach mbeadh srian gan údar ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar ná ar an tsaoirse bhunaíochta le cur i bhfeidhm na gcoinníollacha sin.

- Maidir le ceanglais na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta a roghnaítear nó a ainmnítear mar thoradh ar nós imeachta soláthair a bpríomhionad gnó a bheith lonnaithe i gcríoch Ballstáit agus nach mór sciar 50 % díobh sin a bheith faoi úinéireacht na mBallstát agus a bheidh á rialú go héifeachtach ag na Ballstáit nó ag náisiúnaigh na mBallstát, ní dheonófar maolú ach do sholáthraithe deimhnithe seirbhísí satailíte domhanda atá deimhnithe cheana féin chun oibriú san Aontas.

- Ba cheart tús áite a thabhairt do bhreithnithe sábháilteachta agus comhshaoil agus measúnú á dhéanamh ar fheidhmíocht soláthraithe seirbhísí aerthráchta.

- Tá róil agus cúraimí an Bhainisteora Gréasáin sainithe go soiléir agus go huileghabhálach. Déanfaidh an Bainisteoir Gréasáin cinntí trí phróiseas cinnteoireachta comhoibritheach lena mbeidh baint ag na geallsealbhóirí ábhartha. Tá baint ag na Ballstáit leis an bpróiseas cinnteoireachta maidir le cinntí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo agus/nó ábhair i dtaca le ceannasacht. Déantar ról an Bhoird Bainistíochta Gréasáin a shoiléiriú freisin.

18. Labhair tromlach mór na dtoscaireachtaí chun obair na hUachtaránachta a mholadh agus le béim a chur ar chothromaíocht íogair an chomhréitigh atá beartaithe lena léirítear iarrataí agus seasaimh thromlach na mBallstát. Ar bhonn na mbarúlacha a fuarthas ó na toscaireachtaí, mhol an Uachtaránacht go ndéanfaí na leasuithe breise seo a leanas ar na téacsanna comhréitigh:

- Soiléireofar le hathris nua nach gceanglaítear leis an rialachán athmhúnlaithe leasaithe go ndéanfar comharthaí arna soláthar ag Córais Dhomhanda Loingseoireachta Satailíte (GNSS) a dheimhniú.

- Déanfar aithris 43 a mhodhnú chun a chur i bhfios go láidir gur gá dul i gcomhairle le heagraíochtaí gairmiúla foirne.

- Tabharfar mír nua 2a isteach faoi Airteagal 17 chun foráil a dhéanamh le go bhféadfadh an scéim feidhmíochta a chur ar fionraí i gcás géarchéim ghréasáin.

- Bainfear d'Airteagal 26(4) an tagairt don Bhainisteoir Gréasáin agus don Bhord Bainistíochta Gréasáin maidir le cur chun feidhme na bhfeidhmeanna líonra .

- Scriosfar na tagairtí do "sholáthraithe MET ainmnithe" in Airteagail 10(3)h), 10(4), 13(1), 13(3)c), 13b(2), (2a) agus (2b) agus in aithrisí 22 agus 25a; Leasófar Airteagal 8(5) dá réir sin.

19. Dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhréiteach ar thángthas air.

20. Tá forchoimeádas iomlán ag an gCoimisiún maidir leis an seasamh uaidh i ndáil leis na tograí comhréitigh, go dtí go rachfar i mbun caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

## 4. **CONCLÚIDÍ**

21. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar an gComhairle, ag an gcruinniú a bheidh aici an 3 Meitheamh 2021, scrúdú a dhéanamh ar na téacsanna a leagtar amach in 9162/21 ADD 1 agus ADD 2 agus cur chuige ginearálta a ghlacadh maidir leis na tograí.